



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

FUINNEAMH A BHAINISTIÚ SAN ÁIT OIBRE

De ghnáth, i ngnólacht, is úsáid leictreachais, ola agus gás a dhéanfaidh suas an caiteachas iomlán ar fhuinneamh. Beidh éagsúlachtaí i gceist idir na foinsí fuinnimh sin ag brath ar an gcineál gnólachta. Tá sé thar a bheith indéanta monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar leictreachas, ola agus gás ar an láthair, ach fios a bheith agat ar an tslí leis sin a dhéanamh. Ba chóir duit iarracht a dhéanamh monatóireacht a dhéanamh ar úsáid trí mhéadair a léamh go rialta, comparáid a dhéanamh idir úsáid agus táirgeacht nó láimhdeachas agus monatóireacht a dhéanamh ar shonraisc trí shonraí a ionchur ar bhileog shonraí. Tóg leictreachas mar shampla, ceann de na bealaí is éasca le do chostas leictreachais a laghdú is ea a chinntiú go bhfuil tú ar an dtaraif cheart.

Má tá tú ag iarraidh do chostais chomhshaoil a laghdú caithfidh tú dul i mbun gnímh i roinnt réimsí éagsúla mar shampla éifeachtúlacht trealamh agus éifeachtúlacht cuisniúchán.

BREIS EOLAIS LE FÁIL Ó:
Sinéad Ní Mhainín nó Mark Molloy
An Rannóg Timpeallachta
Cemhairle Chontae na Gaillimhe

Teil: 091 509 510
E-phost: snimhain@galwaycoco.ie

Páipéar ó fhoraoisí inbhuanaithe



SEICLIOSTA DE GHNÍOMHARTHA BAINISTITHE FUINNIMH

GINEARÁLTA

- Déan an méid fuinnimh a úsáideann tú go bliantúil a mheas
- Déan do chostas fuinnimh bliantúil a mheas
- Ainmnigh ball foirne chun monatóireacht a dhéanamh ar fhuinneamh
- Déan do chleachtais bhainistithe fuinnimh a athbheithniú go bliantúil
- Déan monatóireacht ar an bhfuinneamh a úsáideann an fhoireann ar an láthair
- Déan bealaí a aithint chun an méid fuinnimh a úsáideann tú a laghdú
- Déan taraifí fuinnimh a scrúdú chun an margadh is fearr a fháil
- Déan soláthróirí fuinnimh eile a scrúdú
- Déan billí a scrúdú le haghaidh táillí éavatacha
- Déan feachtais feasachta foirne a reáchtáil
- Ceannaigh trealamh le rátáil fuinnimh AAA
- Déan foirgnimh a sheiceáil go rialta le haghaidh siorraí agus comharthaí taise
- Déan an foirgneamh a insliú go leordhóthanach (díonta, cuasbhallaí, lochtaí srl.)

SAN OIFIG

- Déan gairis spárálach ar fhuinnimh a ghéimhachtú i ríomhairí
- Cas as trealamh oifige nuair nach bhfuiltear á úsáid
- Glan gaothráin agus scagairí i gcórais AC/teasa go rialta
- Ná oscail fuinneoga nuair a bhíonn an teas ar siúl

SOILSE

- Déan cinnte nach mbíonn soilse ar siúl nuair nach mbíonn aon duine sa seomra
- Úsáid bolgáin atá spárálach ar fhuinneamh agus bolgáin fadré
- Seiceáil an gcomhlíonann níos lú soilse riachtanais soilsithe
- Seiceáil an féidir lasca ama agus braiteoirí gluaisne a úsáid
- Seiceáil an nglantar soilse go bliantúil
- Déan gach lasc sholais a lipéadú

TEAS

- Úsáid coirí ardéifeachtúlachta
- Cuir stop le téamh agus fuarú comhuaineach
- Seiceáil socruithe teirmeastait go rialta
- Ba chóir téamh agus fuarú a chomhordú
- Déan píopaí agus comhlaí uisce te a insliú
- Déan cinnte go bhfuil rialuithe teasa socraithe agus ag obair i gceart